



I dTreo na Fise

Treoirphrionsabail

**i dtaobh Fhís agus Mholtaí na nEagras Deonach,
maidir leis an Earnáil, leis an bPróiseas Maoinithe
agus le Todhchaí na Gaeilge**



**An Mheitheal Oibre
Feabhra 2010**

CÚLRA

I mí Meán Fómhair 2009, d'iarr Foras na Gaeilge ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge an 19 eagrais bunmhaoinithe a thabhairt le chéile le hidirphlé a dhéanamh maidir le:

1. Fís agus Moltaí na n-eagrais maidir leis an earnáil agus todhchaí na Gaeilge
2. Aiseolas na 19 eagrais ar an bpróiseas maoinithe

Ceapadh comhairleoir chuige seo, a chuaigh i mbun taighde ar 19 eagraíocht bhunmhaoinithe agus 21 eagraíocht eile a bhí ionadaíoch ar réimsí uile na hearnála sa dá dhlínse. I measc na bpríomhtháil a fuarthas ón taighde sin bhí na nithe a leanas:

Príomhtháil

1. Aontú an-ard i measc na n-eagraíochtaí
2. Fosc chun athraithe – san earnáil agus i bhForas na Gaeilge
3. Gá le struchtúrú nua san earnáil agus sa bhForas agus sa choibhneas i gcoitinne idir an earnáil agus na ‘Stáit’ thuaidh agus theas.
4. Gá le tuiscint nua a bhaint amach maidir le tábhacht agus seasamh agus íomhá na hearnála i measc na scairshealbhóirí uile.
5. Gá le neamhspleáchas, le comhphleanáil, agus le cur chuige nua ó thaobh maoinithe.
6. Gá le láidreachtaí agus laigí na hearnála a aithint, chomh maith le laigí Fhoras na Gaeilge, agus le laigí na ‘Stát’.

Tugadh léiriú bunaithe ar an taighde ag seimineár d’eagraíochtaí na hearnála ar an 17 Nollaig 2009, agus ag eascairt as an seimineár sin, bunaíodh Meitheal Oibre chun feidhmiú de réir na dtéarmaí tagartha thíos.

TÉARMAÍ TAGARTHA

Anailís a dhéanamh ar thuairisc an Chomhairleora ar thorthaí na n-agallamh le heagraíochtaí na hearnála deonaí agus na moltaí a pléadh le linn an tseimineáir ar an 17 Nollaig 2009 agus cáipéis a ullmhú ina leagfaí amach treoirphrionsabail maidir leis na nithe seo a leanas::

1. Córas maoinithe earnáil na Gaeilge
2. Modhanna cumarsáide san earnáil
3. Struchtúr comhoibrithe

Tá an Mheitheal Oibre freagrach do na heagraíochtaí a bhí i láthair ag an seimineár i Halla na Saoirse ar an 17 Nollaig.

RÉAMHRÁ

Na Príomhpháirtithe i gcur chun cinn na Gaeilge:

An Stát: Rialtas na hÉireann, Tionól Thuaisceart Éireann, agus na háisíneachtaí Stáit lena mbaineann.

Eagraíochtaí Earnáil Dheonach na Gaeilge

Pobal na Gaeilge

Is é an riachtanas is mó don Ghaeilge ná go mbeadh fíis chuimsitheach ardmhianta ann a mbeadh na páirtithe aontaithe air. Ag eascairt as an bhfísráiteas comhaontaithe sin bheadh fócas straitéiseach oibre agus struchtúir chúí maoinithe.

Tugann na treoirphrionsabail seo aitheantas do na difríochtaí suntasacha idir na struchtúir agus an aeráid pholaitiúil i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann maidir le timpeallacht thacúil a bheith ar fáil don Ghaeilge, agus aithnítear go gcaithfear freastal de réir na gcúinsí áirithe sin. Nuair a thagraítear d'earnáil dheonach na Gaeilge sa cháipéis seo, tagraíonn sin don earnáil sa dá dhlínse, Tuaisceart na hÉireann agus Poblacht na hÉireann.

CLÁR

1.0	AIDHM NA CÁIPÉISE	5
2.0	CÓRAS MAOINITHE	6
2.1	An Fhís: Infheistiú sa Teanga	6
2.2	Próiseas Maoinithe	7
3.0	MODHANNA CUMARSÁIDE	9
3.1	Straitéis Chumarsáide Earnála	9
3.2	Poiblíocht	9
4.0	STRUCHTÚR COMHOIBRITHE	10
4.1	Comhpháirtíocht	10
4.2	Béim ar an dá dhlínse	10
4.3	Comhairliúchán leis an earnáil	10
4.4	Ról lárnach ag an Earnáil Dheonach i gcur i bhfeidhm polasaithe stát	11
4.4.1	Cás Phoblacht na hÉireann	11
4.4.2	Cás Thuaisceart na hÉireann	11
4.5	Conradh idir an Maoinitheoir agus an Earnáil	12
5.0	ACHOIMRE AR NA TREOIRPHRIONSABAIL	13

1.0 AIDHM NA CÁIPÉISE

Prionsabail agus critéir a leagan amach don chaidreamh inmhianta idir Earnáil Dheonach na Gaeilge agus an Stát i dTuaisceart na hÉireann, agus an Stát i bPoblacht na hÉireann, maidir le:

- 1) Córas maoinithe san earnáil
- 2) Modhanna cumarsáide san earnáil
- 3) Struchtúr comhoibrithe

Pléann an cháipéis seo na treoirphrionsabail a bhaineann leis an trí réimse thuas, chun an Ghaeilge a neartú agus chun cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na hoibre san earnáil, thuaidh agus theas.

2.0 CÓRAS MAOINITHE

2.1 An Fhís: Infheistiú sa Teanga

Is gá infheistiócht fhadtéarmach a dhéanamh sa Ghaeilge d'fhonn an teanga a chur chun cinn sa dá dhlínse. Ba cheart go mbreathnófaí ar an infheistiócht seo ar bhonn straitéiseach agus fadtéarmach agus ní ar bhonn deontais bhliantúil.

Le cur chuige comhtháite den chineál seo, beidh an earnáil i gcoitinne ag obair i dtreo físe aontaithe agus cuirfidh seo le hinniúlacht na hearnála freagairt do riachtanais chur chun cinn na Gaeilge ar bhonn nualaíoch.

Is gá córas maoinithe trédhearcach a aontú agus an t-ualach rialaithe agus maorlathas reatha a laghdú.

Moltar struchtúr maoinithe ilbhliantúil a cheapadh, a thabharfadh deis d'eagraíochtaí uile na hearnála pleanáil a dhéanamh don tréimhse cúig bliana amach rompu. Córas ilmheánach a bheadh i gceist leis seo, le próiseas athbhreithnithe struchtúrtha rialta.

Chun cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na hearnála, ba cheart go gcuirfeadh an maoinitheoir tacaíocht réamhghníomhach agus leanúnach ar fáil d'eagraíochtaí na hearnála chun iad a threorú i dtaobh iarratas a dhéanamh ar chistí maoinithe stáit agus eile. Chuige seo, ba cheart don mhaoinitheoir, i gcomhar leis an earnáil, cur le príomhshruthú na Gaeilge i bhfoinsí maoinithe stáit agus eile.

Beidh an eagraíocht bhunmhaoinithe go hiomlán neamhspleách ón maoinitheoir chun cur isteach ar fhoinsí maoinithe eile.

Ba cheart go ndéanfaí gach iarratas maoinithe a mheas de réir critéir soiléire scríofa aontaithe. I gcás diúltú ar mhaoiniú, ba cheart go gcuirfí aiseolas mionsonraithe scríofa ar fáil laistigh de spriocam aontaithe agus go mbeadh deis ag eagraíochtaí achomharc a dhéanamh ar chinneadh an mhaoinitheora trí phróiseas soiléir agus trédhearcach.

Anuas ar an maoiniú a bheadh ceadaithe ar bhonn illbhliantúil, moltar go gcuirfí ciste ar fáil chun iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscadail ar leith, tionscadail aon-uaire go háirithe chun fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh.

2.2 Próiseas Maoinithe

Tá gníomhachas Gaeilge deonachbhunaithe thar a bheith tábhachtach. Sula gcuirfear athrú ar bith i bhfeidhm ar mhaoiniú na hearnála, caithfear comhthuiscint a fháil ar conas is fearr obair na hearnála a chur i gcrích, mar aon le tuiscint ar dhinimicí na hearnála, ionas nach mbainfí an bhunsraith de phobal na Gaeilge.

Caithfear tuiscint a fháil ar na cúinsí éagsúla i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann ionas nach ndéanfar dochar do na haemhainní nó don infrastruchtúr reatha i gceachtar den dá dhlíne trí bhaint de na bunstruchtúr tacaíochta teangan reatha sna réimsí pobal, stádais, cumais, teaghlaigh, oideachais agus óige.

Is gá eiseamlár de scothchleachtas a fhorbairt agus a aontú leis an earnáil de réir na bprionsabal aontaithe.

Is gá eiseamlár de scothchleachtas a fhorbairt agus a aontú leis an earnáil de réir na bprionsabal a leanas:

Dea-chleachtas: Ba cheart don mhaoinitheoir agus don lucht maoinithe feidhmiú laistigh de nósmaireachtaí scoth-chleachtais agus a n-oibleagáidí dá réir a chomhlíonadh.

Freagracht: Ba cheart don mhaoinitheoir agus don lucht maoinithe freagracht a ghlacadh as a bhfeidhmiúlacht, agus bheith in ann tuairisc iomlán agus chruinn a thabhairt ar a ngníomhaíochtaí.

Oscailteacht: Ba cheart don mhaoinitheoir agus don lucht maoinithe gníomhú ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach.

Luach ar Airgead: Ba cheart don mhaoinitheoir acmhainní a chur ar fáil ar bhealach éifeachtach, coigilteach agus gan aon diomailt agus é ag baint amach a chuid aidhmeanna. Ba cheart don lucht maoinithe feidhmiú ar gach bealach chun an luach is fearr ar airgead a chinntiú i gcónaí.

Cothroime: Tá oibleagáid dhleathúil bhunúsach ar an maoinitheoir chun feidhmiú go cothrom agus go réasúnta. Ba cheart gach gníomhaíocht de chuid an mhaoinitheora a bheith oscailte agus neamhchlaonta.

Ionracas: Ba cheart don mhaoinitheoir agus don lucht maoinithe a bheith ionraic ina gcuid gníomhaíochtaí agus acmhainní poiblí á mbainistiú acu.

Fócas ar Fhorbairtí: Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht luach an bhunmhaoinithe a chinntiú, ba cheart go ndéanfadh an maoinitheoir iarracht chun dul i ngleic leis na cúiseanna taobh thiar d'fhadhbanna. Bheadh infheistíocht i dtaighde lárnach don chur chuige seo.

Páirtíochtaí: Ba cheart don mhaoinitheoir páirtíochtaí i measc baill na hearnála a spreagadh d'fhonn eagraíochtaí na hearnála a chur ag obair as lámh a chéile.

Neamhspleáchas: Beidh an eagraíocht bhunmhaoinithe freagrach as na dualgais aontaithe leis an maoinitheoir a chomhlíonadh le linn thréimhse maoinithe, ach beidh an eagraíocht féin go hiomlán neamhspleách ón maoinitheoir ar gach bealach eile.

Aitheantas: Ba cheart don mhaoinitheoir aitheantas a thabhairt d'earnáil dheonach na Gaeilge as an ról atá ag an earnáil i seachadadh cuspóirí straitéiseacha, agus chuige seo gur tríd agus i gcomhar leis an earnáil ar cheart obair i measc an phobail a chur i gcrích.

Tráthúlacht: Níl sé d'achmhainn ag an earnáil dheonach ciste airgid a choigilt agus ní féidir le heagraíochtaí na hearnála dul i mbun oibre gan maoiniú bheith curtha ar fáil in dea-am roimh an bheartas.

Monatóireacht agus Luacháil: Tuigtear go bhfuil gá le monatóireacht agus luacháil rialta ar obair na hearnála. Chuige seo, ba cheart don mhaoinitheoir táscairí feidhmíochta a aontú leis an earnáil, agus monatóireacht neamhspleách de réir spriocanna intomhaiste soiléire a chur i gcrích.

3.0 MODHANNA CUMARSÁIDE

3.1 Straitéis Chumarsáide Earnála

Tá straitéis chumarsáide earnála de dhíth, idir eagrais agus stáit, d'fhonn próifíl na teanga a ardú sa ghnáthphobal. Chuige seo, tá gá ag an earnáil le straitéis inmheánach cumarsáide agus le straitéis seachtrach atá oiriúnach do chúinsí an dá dhlínse.

Is gá go mbeadh caidreamh éifeachtach idir Earnáil Dheonach na Gaeilge, i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann, á fhorbairt i gcomhar leis an dá stát.

3.2 Poiblíocht

Tá modhanna poiblíochta sofaisticiúla ag teastáil faoi luach na Gaeilge d'fhorbairt na sochaí agus an gheilleagair. Chuige seo, chabhródh seirbhís eolais, comhaontaithe idir an earnáil agus an dá stát, don mhórphobal le heolas ar ról éagsúla na n-eagraíochtaí uile a chur ar fáil go soiléir don phobal i gcoitinne.

Chruthódh seo go bhfuil an earnáil agus an státchóras ag obair as lámh a chéile chun dul i gcion ar an mórphobal agus chun dea-obair na hearnála chun leas na Gaeilge a phoibliú.

Bheadh mar aidhm ag straitéis chumarsáide den chineál seo daoine a mhisniú agus a ghríosú le bheith gníomhach leis an nGaeilge i ngach réimse saol.

4.0 STRUCHTÚR COMHOIBRITHE

Tá an-chuid ag brath ar chineál an choibhnis agus ar na modhanna comhoibrithe idir thaobh an Stáit agus taobh an deonachais, agus ar a sainróil chomhlántacha.

Ba chóir go mbeadh an comhoibriú ina pholasaí bunaidh ag na páirtithe leasmhara; ról tacaíochta a bheadh ag aon ghrúpa straitéise.

4.1 Comhpháirtíocht

Moltar go ndéanfaí struchtúr comhpleanála a fhorbairt a thabharfadh guth cothrom do na príomhpháirtithe; na húdaráis stát sa dá dhlínse, eagraíochtaí na hearnála, agus pobal na Gaeilge.

Níor mhór coiste comhpleanála bunaithe ar bhonn comhpháirtíoch, le comhplean straitéiseach aontaithe le haidhmeanna coitianta aitheanta.

4.2 Béim ar an dá dhlínse

Níor mhór d'aon straitéis comhpleanála stádas reachtúil agus cúinsí éagsúla na Gaeilge sa dá dhlínse a aithint.

4.3 Comhairliúcháin leis an earnáil

Chinntedh gléas comhpleanála, le hionadaíocht ón earnáil féin, aistuariscí rialta do na stáit agus don phobal maidir le héifeacht na straitéisí reatha.

Is gá go mbeadh Earnáil Dheonach na Gaeilge lánpháirteach i bpleanáil agus i múnlú aon struchtúr nua maoinithe chun comhpháirtíocht agus comhlántacht rólanna a chinntiú.

Moltar tionól bliantúil idir na páirtnéirí teanga, chun cur le comhoibriú laistigh den earnáil féin, agus idir an earnáil agus na húdaráis stát. Chabhródh sé seo leis an earnáil i gcoitinne i dtaobh phleanáil chun tosaigh, deiseanna forbartha agus forás a aimsiú, agus eolas a roinnt.

4.4 Ról lárnach ag an earnáil dheonach i gcur i bhfeidhm polasaithe stát

Is féidir leis an stát agus leis an stáitchóras mórán a dhéanamh chun stádas a dheimhniú don Ghaeilge agus chun cumas inti a ghiniúint tríd an chóras oideachais. Ní mór a aithint go bhfuil teorainn le héifeacht agus tionchar an stáit i réimse an phobail, an áit is mó ina bhfuil forbairt ag teastáil. Feictear tábhacht agus feidhm na n-eagrais deonach ní hamháin sna réimsí stádais agus cumais ach maidir le deiseanna úsáide a chruthú ar bhonn struchtúrtha.

Tá taithí fhairsing agus saineolas ag an earnáil dheonach in abhcóideacht agus i bhfeachtasaíocht ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach sna réimsí pleanáil ceantair, pleanáil cathrach agus tionscadail éagsúla.

Ní mór na fírící sin a aithint trí chomhphleanáil éifeachtach, d'fhonn saineolas na hearnála deonaí a chur chun leas na straitéise ar mhodh a chinnteodh breis misnigh agus dóchais i measc an phobail.

4.4.1 Cás Phoblacht na hÉireann

I gcás Phoblacht na hÉireann, de bharr gur straitéis pobalbhunaithe atá i Straitéis Fiche Bliain an Rialtais don Ghaeilge, ba cheart ról lárnach i gcur i bhfeidhm na straitéise bheith acu siúd is mó a bhfuil taithí acu i gcur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail, agus is iad sin eagraíochtaí Gaeilge na hearnála deonaí agus pobail.

4.4.2 Cás Thuaisceart na hÉireann

Tá cúinsí na Gaeilge ó thuaidh difriúil ó chúinsí na teanga ó dheas agus tá difríochtaí suntasacha san infrastruchtúr teanga. Níl maoiniú stáit d'earnáil dheonach na Gaeilge ar fáil ach le tamall gairid ó thuaidh, áit a dtéann an comhthéacs polaitiúil agus sóisialta i bhfeidhm ar an gcuidreamh idir eagraíochtaí Gaeilge agus an stát. Is gá na heagrais Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú ar mhaithe le cur leis an méid atá bainte amach acu go dtí seo.

Tá folúntas maidir le bearta comhaontaithe idir an stát agus na heagrais Ghaeilge / lucht labhartha na teanga i dThuaisceart na hÉireann faoi láthair. Níl dréachtpholasaí ná straitéis maidir le forbairt agus feabhsú na Gaeilge ann. Níl cinnteacht ann maidir le cén próiseas nó cén beart riachtanach a bheidh curtha in áit le comhstraitéis a ullmhú agus a aontú leis na páirtithe leasmhara.

Cé go bhfuil taighde fiúntach déanta, níl staidéar cuimsitheach, iomlánaithe maidir le tosca sainsiúla na Gaeilge agus riachtanais ar leith an phobail ó thuaidh curtha i gcrích. Tá anailís chuimsitheach ar chomhthéacs polaitiúil, sóisialta agus teangeolaíochta na Gaeilge sa tuaisceart de dhíth. Chomh maith leis seo, caithfidh forbairt polasaí don teanga ó thuaidh a bheith bunaithe ar ionchur ó shaineolaithe i bpleanáil teanga agus ar an idirphlé agus ar an gcomhairliúchán leis na heagrais Ghaeilge agus le lucht labhartha na Gaeilge. In éagmais a leithéide, níor chóir tabhairt faoi atheagrú infrastruchtúr na Gaeilge ó thuaidh.

4.5 Conradh idir an Maoinitheoir agus an earnáil

Tá gá le comhthuiscint soiléir scríofa aontaithe idir an maoinitheoir agus eagraíochtaí na hearnála chun cinntiú go bhfuil tuiscint ag an dá dhream ar ról a chéile.

Chinntedh conradh idir an Stát agus na páirtnéirí teanga nach mbeidh trasnáil dualgais ná spriocanna oibre idir an mhaoinitheoir agus an eagraíocht maoinithe.

5.0 ACHOIMRE AR NA TREOIRPHRIONSABAIL

Is gá córas maoinithe trédhearcach a aontú agus an t-ualach rialaithe agus maorlathas reatha a laghdú.

Is gá eiseamlár de scothchleachtas a fhorbairt agus a aontú leis an earnáil de réir na bprionsabail aontaithe.

Is gá go mbeadh caidreamh éifeachtach idir Earnáil Dheonach na Gaeilge, i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann, á fhorbairt i gcomhar leis an dá stát.

Ba chóir go mbeadh an comhoibriú ina pholasaí bunaidh ag na páirtithe leasmhara; ról tacaíochta a bheadh ag aon ghrúpa straitéise.

Is gá go mbeadh Earnáil Dheonach na Gaeilge lánpháirteach i bpleanáil agus i múnlú aon struchtúr nua maoinithe chun comhpháirtíocht agus comhlántacht rólanna a chinntiú

Tá gá le comhthuiscint soiléir scríofa aontaithe idir an maoinitheoir agus eagraíochtaí na hearnála chun cinntiú go bhfuil tuiscint ag an dá dhream ar ról a chéile.

Beidh an eagraíocht bhunmhaoinithe go hiomlán neamhspleách ón maoinitheoir chun cur isteach ar fhoinsí maoinithe eile.

Caithfear aitheantas a thabhairt do na difríochtaí suntasacha idir na struchtúir agus an aeráid pholaitiúil i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann maidir le timpeallacht thacúil a bheith ar fáil don Ghaeilge.